# Conspóid Pháirtí na nOibrithe

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi scéal conspóideach a briseadh le déanaí mar gheall ar Pháirtí na nOibrithe sna hochtóidí. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) Illegal practices _____
2) neither of them were available _____
3) the cold war _____
4) income _____
5) risk / danger _____
6) looking for ways _____
7) to eliminate that danger _____
8) along with four others _____
9) about the membership _____
10) amalgamation _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 2** Scríobh achoimre ghairid ar an mhír sula bhféachfaidh tú arís uirthi. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

**Ceist 3** Féach an an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén post a bhí ag Seán Garland in 1989?
2. Cad a bhí á lorg ag Garland nuair a scríobh sé chuig Páirtí na hAontachta Sóisialaí?
3. Cad a rinne Éamonn Gilmore agus Pat Rabbitte i ndiaidh dóibh Páirtí na nOibrithe a fhágáil?
4. Cén sórt ceisteanna atá á chur ag leithéidí Vincent Browne ar Gilmore agus Rabbitte?
5. Cad a bhí le rá ag Proinsias De Rossa mar gheall ar an ábhar?

**Ceist 4** '…go raibh aon eolas **acu**...'

(a) Cén t-ainm atá ar an ghné den ghramadach i gcló dubh thuas?

(b) Líon na bearnaí sa tábla thíos.

| | *1 uatha* | *2 uatha* | *3 uatha fir* | *3 uatha bain* | *1 iolra* | *2 iolra* | *3 iolra* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **ag** | agam | agat | aige | aici | againn | | acu |
| **chuig** | | | chuige | | | chugaibh | |
| **faoi** | fúm | | | fúithi | fúinn | | fúthu |
| **le** | | leat | leis | | | libh | leo |
| **ar** | orm | | | uirthi | orainn | oraibh | orthu |
| **do** | | duit | dó | di | | | dóibh |
| **de** | díom | díot | de | di | dínn | díbh | |

(c) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

*He was talking about me.* _____

*They have a new car.* _____

*Do you have a cold?* _____

*Will you come with me?* _____

*I wrote an email to Síle about it.*_____

*He bought sweets for them.* _____

*I took a photo of her.* _____

**Ceist 5** '…a **ch**ealú…'

(a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal thuas?

(b) Scríobh an leagan ceart den ainm briathartha i ngach cás thíos:

faigh: Beidh orm an bus deireanach a _____.
caith: An bhfuil sé i gceist agat cóta a _____?
feic: Ní féidir liom í a _____.
dún: Ar mhiste leat an doras a _____le do thoil?
glan: Beidh ort an áit a _____ i do dhiaidh.
pós: Ba mhaith léi Seán a _____ go luath.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An gcuireann sé iontas ort go bhfuil An tAire Pat Rabbitte agus an Tánaiste Éamonn Gilmore luaite sa mhír seo faoi chleachtais mhídhleathacha sa pholaitíocht? Cén fáth?

- An dóigh leat go bhfuil caimiléireacht ar siúl go fóill i measc polaiteoirí in Éirinn nó an bhfuil deireadh leis an ré sin ar fad?

- Cén chaoi ar cheart plé le polaiteoirí a mbíonn baint acu le cleachtais mhídhleathacha?

**Freagraí**

**Ceist 1**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Illegal practices | *cleachtais mhídhleathacha* |
| 2. | neither of them were available | *ní raibh ceachtar acu ar fáil* |
| 3. | the cold war | *an cogadh fuar* |
| 4. | income | *teacht isteach* |
| 5. | risk / danger | *baol* |
| 6. | looking for ways | *ag lorg slite* |
| 7. | to eliminate that danger | *an dainséar sin a chealú* |
| 8. | along with four others | *i dteannta ceathrair eile* |
| 9. | about the membership | *faoin mballraíocht* |
| 10. | amalgamation | *cónascadh* |

**Ceist 2** Tabhair am do na daltaí an achoimre a scríobh.

**Ceist 3**

1. Bhí sé mar rúnaí ginearálta ag Páirtí na nOibrithe.
2. Bhí cúnamh airgid uaidh.
3. Bhunaigh siad páirtí nua - An Daonlathas Clé.
4. Ceisteanna faoin mballraíocht a bhí acu i bPáirtí na nOibrithe go ginearálta.
5. Dúirt De Rossa nach raibh aon rud le rá aige faoin gceist seo agus go ndearnadh iniúchadh ar an gceist cheana le linn cás cúirte.

**Ceist 4**

**(a)** Forainm réamhfhoclach atá san fhocal **acu.**

**(b)**

| | *1 uatha* | *2 uatha* | *3 uatha (fir)* | *3 uatha (bain)* | *1 iolra* | *2 iolra* | *3 iolra* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **ag** | agam | agat | aige | aici | againn | agaibh | acu |
| **chuig** | chugam | chugat | chuige | chuici | chugainn | chugaibh | chucu |
| **faoi** | fúm | fút | faoi | fúithi | fúinn | fúibh | fúthu |
| **le** | liom | leat | leis | léi | linn | libh | leo |
| **ar** | orm | ort | air | uirthi | orainn | oraibh | orthu |
| **do** | dom | duit | dó | di | dúinn | daoibh | dóibh |
| **de** | díom | díot | de | di | dínn | díbh | díobh |

**(c)**

| | |
|---|---|
| He was talking about me. | *Bhí sé ag caint fúm.* |
| They have a new car. | *Tá carr nua acu.* |
| Do you have a cold? | *An bhfuil slaghdán ort?* |
| Will you come with me? | *An dtiocfaidh tú liom?* |
| I wrote an email to Síle about it. | *Scríobh mé ríomhphost chuig Síle faoi.* |
| He bought sweets for them. | *Cheannaigh sé milseáin dóibh.* |
| I took a photo of her. | *Ghlac mé grianghraif di.* |

**Ceist 5** '…a **ch**ealú…'

**(a)** Nuair a bhíonn cuspóir díreach i gceist in abairt, tagann an cuspóir díreach sin ar dtús, agus tagann an mhír **a**, a leanann séimhiú é, roimh an ainm briathartha.

Tá an cuspóir díreach i gcló dearg sna habairtí thíos.

an dainséar sin a **ch**ealú
páirtí nua a **bh**unú
teacht isteach a **gh**nóthú

**(b)**

| | |
|---|---|
| faigh: | Beidh orm an bus deireanach *a fháil*. |
| caith: | An bhfuil sé i gceist agat cóta *a chaitheamh*. |
| feic: | Ní féidir liom í a *fheiceáil*. |
| dún: | Ar mhiste leat an doras a *dhúnadh*, le do thoil. |
| glan: | Beidh ort an áit a *ghlanadh* i do dhiaidh. |
| pós: | Ba mhaith léi Seán a *phósadh* go luath. |

**Ceist 6**
Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

**Eimear Ní Chonaola**
Tá litir aimsithe sa nGearmáin[i] ó 1989 ina n-admhaíonn rúnaí ginearálta Pháirtí na nOibrithe in Éirinn ag an am gur bhain an páirtí úsáid as cleachtais mhídhleathacha le hairgead a aimsiú. Sin atá ráite i litir a scríobh Seán Garland chuig Rialtas na Gearmáine Thoir sa mbliain[ii] 1989. Bhí beirt bhall den Rialtas reatha, An Tánaiste, Éamonn Gilmore agus an tAire Cumarsáide, Pat Rabbitte ina mbaill de Pháirtí na nOibrithe ag an am. Ní raibh ceachtar acu ar fáil inniu le labhairt faoin scéal.

**Sorcha Ní Riada**
Bhí Seán Garland ina rúnaí ginearálta[iii] ar Pháirtí na nOibrithe i 1989. Do scríobh sé litreacha go dtí Páirtí na hAontachta Sóisialaí a bhí i gcumhacht in Oirthear Bheirlín ag lorg cúnamh airgid don pháirtí. Tharla seo sa ré ina raibh an cogadh[iv] fuar ar bun agus an cuirtín[v] iarainn i bhfeidhm idir an t-oirthear agus an t-iarthar. Sna dréachtaí den litir a foilsíodh san *Irish Times* inniu, deir Seán Garland gur baineadh úsáid as modhanna dleathacha agus mídhleathacha le teacht isteach a ghnóthú don pháirtí. Dúirt sé gur thuigeadar an baol a bhain le cuid den ghníomhaíocht[vi] seo agus go rabhadar de shíor ag lorg slite leis an dainséar sin a chealú.
Bhí an Tánaiste Éamonn Gilmore agus an tAire Cumarsáide Pat Rabbitte beirt ina mbaill[vii] de Pháirtí na nOibrithe go dtí 1992 nuair a d'fhágadar[viii] é i dteannta ceathrar eile le páirtí nua a bhunú, An Daonlathas Clé. Déanadh[ix] cónascadh idir an Daonlathas Clé agus Páirtí an Lucht Oibre in 1999. Ní raibh ceachtar don bheirt[x] acu le fáil inniu le labhairt linn faoin méid a scríobh Seán Garland.

**Déaglán de Breadún**
Níl aon fhianaise go raibh aon eolas acu faoi sin *so*, ach tá ceisteanna ann á n-ardú ag leithéidí Vincent Browne faoin mballraíocht a bhí acu i bPáirtí na nOibrithe go ginearálta ach ní bhaineann sé leis an eachtra seo.

**Sorcha Ní Riada**
Dúirt an tIar-Eisire Eorpach agus iarbhall de Pháirtí na nOibrithe, Proinsias De Rossa, nach raibh aon ní le rá aige faoin gceist seo ach an oiread agus gur déanadh[xi] iniúchadh ar an gceist cheana le linn cás cúirte.

---

[i] *Sa Ghearmáin* atá sa chaighdeán
[ii] *Sa bhliain* atá sa chaighdeán
[iii] *ghinearálta* a deirtear
[iv] *An chogadh* a deirtear
[v] *An chuirtín* a deirtear
[vi] *Den ghníomhaíocht* atá sa chaighdeán
[vii] *ina bhaill* a deirtear
[viii] *Nuair a fhágadar* a deirtear
[ix] *Rinneadh* atá sa chaighdeán
[x] *den beirt* a deirtear
[xi] *go ndearnadh* atá sa chaighdeán